Scoil Fhursa, Nile Lodge, Gaillimh

Teileafón: (091) 521840

runaiscoilfhursa@gmail.com

www.scoilfhursa.net
RCN 20120634

Plean athoscailte agus Plean Leanúnach Covid 19

Prionsabail Bhunúsacha

- Tá freagracht ar an scoil chuile iarracht a dhéanamh maidir le sábháilteacht, sláinte agus folláine phobal na scoile - páistí, tuismitheoirí agus an fhoireann- a chinntiú. Leagadh amach an plean seo lena cinntiú gur féidir leis an scoil an dualgas cúraim sin a chomhlíonadh.

- Is fearr go bhfillfeadh na páistí uile ar scoil cúig lá na seachtaine ar feadh an lae ar fad, má tá sé sin ag teacht le comhairle sláinte poiblí agus leis na treoirlínte ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Leagadh amach an plean seo chun an aidhm sin a chur i gcrích.

- Ní féidir an riosca ionfhabhtaithe a dhíothú. Ach má chomhoibríonn gach duine sa phobal scoile le chéile, is féidir an riosca maidir leis an víreas a thabhairt isteach sa scoil agus a scaipeadh a íoslaghdú.

Mar aon leis an gcomhoibriú, teastaíonn solúbthacht agus dea-thoil chuile dhuine le bheith cinnte gur féidir an plean a chur i gcrích. **Bí foighneach linn agus sinn ag iarraidh a chinntiú go bhfuil chuile dhuine slán sábháilte.**

Bí ar an eolas gur dréacht tosaigh de dhoiciméad beo é seo. Beidh gá le hathruithe ar bhonn leanúnach. Nuair a dhéanfar athruithe ar an doiciméad, cuirfimid ar an eolas thú ar an ríomhphost. Ní mór don fhoireann agus do thuismitheoirí iad féin a choinneáil ar an eolas maidir lena bhfuil sa doiciméad agus sna treoirlínte ón rialtas agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Eolas Ginearálta

- Fillfidh na páistí uile ar scoil agus beidh 'bolgáin ranga' i bhfeidhm.
- Beidh an idirghníomhaíocht idir an fhoireann agus na páistí teoranta a oiread agus is féidir.
- **Osclófar na geataí ag 8.20am gach maidin leis na páistí a ligean isteach.** Iarrtar nach gcruinneoidh páistí le chéile sa chlós. Níor cheart go bhfanfadh páistí ag an doras go n-osclófar na doirse. Iarrtar ar charranna gabháil i línte agus iarrtar ar na páistí siúl go dtí na ranganna láithreach. Ní chruinneoidh páistí i ngrúpaí.

Tá cead ag tuismitheoir nó caomhnóir amháin dul isteach i gclós na scoile in éineacht le leanbh Naíonán Shóisir/Shinsir go dtí doras an seomra ranga agus fágáil láithreach tríd an gcóras aontreo atá i bhfeidhm don chéad mhí.

<u>Ní mór do thuismitheoirí masc a chaitheamh laistigh de gheataí na scoile.</u>

- Iarrtar ar pháistí dul isteach sa seomra ranga ar maidin, a lámha a dhíghalrú agus suí síos ina n-áit féin. Iarrtar ar thuismitheoirí go nífeadh páistí a gcuid lámha i gceart díreach sula bhfágann siad an baile ar maidin.
- Beidh na páistí ó na ranganna sóisearacha (Naíonáin Bheaga – Rang a 2) i "mbolgáin ranga" agus coinneofar na bolgáin seo deighilte ó bholgáin (ranganna) eile chun an riosca ionfhabhtaithe a íoslaghdú a oiread agus is féidir.
- Laistigh de na bolgáin ranga beidh na páistí eagraithe i gcochaill. Tuigtear nach dócha go gcloífidh páistí óga le scaradh fisiciúil agus iad laistigh.
- I ngach bolgán ranga ó Rang 3 - Rang 6, coinneofar 1 mhéadar ar a laghad idir daltaí aon uair is féidir, ach ní choinneofar 1 mhéadar idir páistí sna cochaill <u>ach amháin nuair is féidir sin a dhéanamh</u>.
- Beidh díghalrán lámh ar fáil ag na bealaí isteach agus sna seomraí ranga agus sna seomraí tacaíochta.
- Beidh uisce te ar fáil le haghaidh níochán lámh sna leithris.
- Beidh fuinneoga ar oscailt sna seomraí ranga chomh fada agus is féidir ach ar feadh dhá thréimhse de 15 nóiméad ar a laghad chun aeráil a fheabhsú agus an riosca a íoslaghdú.
- Bí cinnte, le do thoil, go bhfuil an fearas uile a theastaíonn ag do pháiste gach maidin.
- Má theastaíonn uait labhairt le múinteoir, cuir ríomhphost chuig an múinteoir agus déanfar na socruithe teagmhála. Ní tharlóidh cruinnithe aghaidh ar aghaidh le tuismitheoirí, ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus le cead ón bpríomhoide roimh ré.
- Beidh mascanna agus/nó scáthláin á gcaitheamh ag an bhfoireann.
- **Ní iarrtar ar pháistí mascanna a chaitheamh, ach má shíleann tuismitheoirí gur gá sin a dhéanamh, ba cheart mascanna aon uaire nó mascanna simplí aon dath a úsáid agus iad a athrú go laethúil.**
- Is gá málaí scoile a fholmhú agus a ní go rialta.

<u>Bealaí Isteach agus Amach</u>

Iarrtar ar pháistí cloí leis na treoirlínte maidir le scaradh sóisialta agus iad ag dul isteach agus ag teacht amach ón scoil.

Ar theacht ag an Scoil

Tosóidh an scoil ag 8:30am. Osclófar na geataí agus na ranganna ag 8:20am

- Beidh na múinteoirí ag maoirseacht sna seomraí ranga ó 8.20am-8:30am.
- Le dul isteach sa scoil rachaidh na páistí díreach go dtí an bealach isteach atá tugtha dóibh.
- Caithfidh páiste dul isteach sa scoil agus dul díreach ar aghaidh go dtí a sheomra ranga. Níor cheart aon mhoill a dhéanamh sna hallaí.
- Ní bheidh aon teacht le chéile i bhfoirgneamh na scoile ag aon uair.
- Níor cheart do dhaoine fásta, seachas na baill foirne dul isteach i bhfoirgneamh na scoile.
- Déanfar eisceachtaí áirithe maidir le ranganna na naíonáin. Tá cead ag tuismitheoir isteach sa chlós go dtí doras an seomra ranga agus iad ag caitheamh mascanna.
- Cuirtear teachtaireachtaí do mhúinteoirí ar an ríomhphost amháin.
- Tabharfaidh gach múinteoir seoladh ríomhphoist.

Deireadh an Lae Scoile
Seo thíos na socruithe a bheidh i bhfeidhm ag deireadh an lae scoile.

- Is féidir le tuismitheoirí a bpáistí a bhailiú ón ngeata amhain, caithfidh siad cloí le scaradh sóisialta.
- Iarraimid ar thuismitheoirí na páistí a bhailiú in am mar ní cheadaítear dúinn páistí a choinneáil mar is gá don chéad ranganna eile an scoil a fhágáil.
- Ceadóidh na múinteoirí ranga do na cochaill éagsúla an seomra ranga a fhágáil leo féin chun aon teagmháil a íoslaghdú.
- Beidh na naíonain bheaga ag dul abhaile ag 11 don chead tseachtain agus ag 1.10 ón 6ú Meán Fómhar ar aghaidh. Beidh naíonain mhóra ag dul abhaile ag 1.10 gach lá.
- Ag an 2.00in ceadaItear do pháistí le sibiliní i R1-R6 an scoil a fhágail.
- Ag 2.10in ceadaitear do na páistí aonair an scoil a fhágail.

Páistí a bhailiú le linn an Lae Scoile

Má bhíonn ar dhuine fásta páiste a bhailiú le linn an lae scoile, seo thíos na socruithe a bheidh i bhfeidhm.

- Iarrtar ort, le do thoil, an scoil a chur ar an eolas (ar an ríomhphost nó ar an bhfón) go mbaileoidh tú do pháiste go luath.
- Nuair a shroicheann an duine fásta an scoil, ba cheart dó/di dul go dtí an geata agus an cnaipe a bhrú. Ligfidh an rúnaí isteach iad.
- <u>Iarraim ar thuismitheoirí gan socruithe mar sin a dhéanamh ach go fíorannamh</u>.
- Coinneoidh an rúnaí cuntas ar theacht agus imeacht le haghaidh rianú teagmhála.
- Níor cheart d'aon duine fásta dul isteach i bhfoirgneamh na scoile, mura n-iarrtar air/uirthi sin a dhéanamh.

Páistí le Riachtanais Speisialta

Déanfaidh an fhoireann um oideachas speisialta teagmháil go díreach le tuismitheoirí páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu lena chinntiú go socróidh na páistí ar ais ar scoil go deas compordach.

Obair Bhaile
Uaslódálfar an obair bhaile a thabharfar ar Seesaw chun í a cheartú. Coinneoidh páistí cóipleabhair agus leabhair obair bhaile sa bhaile. Coinneofar cóipleabhair agus leabhair scoile ar scoil. Chomh fada agus is féidir, ceartóidh páistí a gcuid oibre ar scoil faoi threoir an mhúinteora. Ag amanna áirithe baileoidh múinteoirí, - agus iad ag cloí le treoirlínte maidir le dea-shláinteachas lámh, cóipleabhair ó na cochaill éagsúla.
Ag déileáil le cás amhrasta de Covid-19

Níor cheart do dhaltaí dul ar scoil má tá siomptóim Covid-19 orthu.

Chun eolas a fháil, féach, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/symptoms.html

Má thaispeánann dalta siomptóim Covid-19 agus é/í ar scoil, seo thíos na nósanna imeachta a leanfar:

- Déanfar teagmháil láithreach le tuismitheoirí/caomhnóirí ar na huimhreacha a tugadh. Tabhair dúinn, le bhur dtoil, 3 theagmhálaí ar a laghad (beirt tuismitheoirí más féidir agus duine eile mar chúltaca). Mura n-éireoidh leis an rúnaí dul i dteagmháil le tuismitheoir/caomhnóir, déanfar teagmháil leis an duine a d'ainmnigh an tuismitheoir mar chúltaca. (Bí cinnte go bhfuil na sonraí a thug tú dúinn cothrom le dáta agus má d'athraigh tú uimhreacha/cúltaca, seol ríomhphost, leis an oifig a chur ar an eolas)
- Má tá amhras faoi aon pháiste ag aon ball foirne deanfar teagmháil leis an bpríomhoide nó an leasphríomhoide. Tabharfaidh said an páiste chuig an láthair leithlise atá taobh amuigh de fhoirgneach. Fanfaidh said leis an bpáiste ag coimead an spás 2 mhéadar ar a laghad ón bpáiste siomptómach agus cinnteofar go ndéanfaidh chuile dhuine eile amhlaidh ar feadh an ama.
- Cuirfear masc ar fáil don pháiste siomptómach. Ba cheart go gcaithfeadh sé/sí an masc i gcomhlimistéar le daoine eile nó nuair atá an foirgneamh á fhágáil aige/aici.
- Déanfar cinneadh cé acu an dtabharfaidh na tuismitheoirí an páiste siomptómach abhaile láithreach agus glaoch a chur ar an dochtúir teaghlaigh agus féinleithlisiú a dhéanamh sa bhaile. Mura féidir leis an bpáiste siomptómach dul abhaile láithreach, beidh sé in ann leithlisiú sa scoil agus cabhróidh an scoil chun glaoch a chur ar an dochtúir teaghlaigh.
- Ba cheart a rá leis an bpáiste siomptómach a b(h)éal agus a s(h)rón a chlúdach leis an gciarsúr aon uaire atá curtha ar fáil agus é/í ag casacht nó ag sraothartach agus an ciarsúr a chur sa mhála bruscair atá ar fáil.
- Cuirfear comhairle ar na tuismitheoirí an t-eolas maidir le siomptóim a chur in iúl don dochtúir teaghlaigh ar an bhfón.
- Má tá an páiste róthinn le dul abhaile nó má theastaíonn comhairle glaofar ar 999 nó 112 agus cuirfear in iúl go bhfuil cás amhrasta de Covid-19 i gceist.

- Déanfar socruithe maidir le glantachán cuí a dhéanamh ar an láthair leithlise agus ar aon láithreacha oibre a bhí in úsáid.
- Má éiríonn páiste eile tinn ar an lá céanna, ní úsáidfear an láthair leithlise gan í a ghlanadh roimh ré. Eagróidh spás leithlise don pháiste san oifig nó i Seomta TF2 agus é/í a choinneáil 2 mhéadar ó na daltaí eile agus ón múinteoir. Tabharfar masc don dalta agus é/í ag fanacht lena t(h)uismitheoirí.

Tríd an bproiséas um rianú teagmhálaithe, déanfaidh FSS teagmháil le baill foirne agus le tuismitheoirí a raibh dlúth-theagmháil acu le cás diagnóisithe. Déanfaidh FSS teagmháil leis na daoine cuí nuair a dhéanfar cás Covid-19 a dhiagnóisiú. Ba cheart treoracha FSS a leanúint.

Páistí nár cheart dóibh dul ar scoil:

Níor cheart do dhaltaí dul ar scoil má tá siomptóim Covid-19 orthu.

Má tá do pháiste i gceann ar bith de na catagóirí seo, níor cheart dó/di dul ar scoil
- Páistí a bhfuil diagnóis de Covid-19 faighte acu
- Páistí a raibh dlúth-theagmháil acu le duine a bhfuil Covid-19 air
- Páistí a bhfuil cás amhrasta de Covid-19 orthu agus atá ag fanacht le torthaí tástála
- Páistí a raibh dlúth-theagmháil acu le duine a bhfuil cás amhrasta de Covid-19 air/uirthi agus atá ag fanacht le torthaí tástála
- Páistí le bunghalair a ndúirt gairmí leighis leo gan freastal ar scoil
- Páistí atá tagtha abhaile as tír thar lear agus ar gá dóibh féinleithlisiú go ceann 14 lá
- Páistí nach bhfuil ar fónamh
- Páistí a bhí ag caitheamh aníos nó a raibh buinneach orthu laistigh de 48 uair a chloig roimhe (de réir treoirlínte FSS: https://www2.hse.ie/conditions/diarrhoea-and-vomiting.html)

Ag tacú le Foghlaim na bPáistí nach féidir leo freastal ar scoil
Mura féidir le páiste freastal ar scoil ar feadh tréimhse bhreisithe ama, molfaidh an múinteoir ranga (agus an múinteoir tacaíochta, más cuí) gníomhaíochtaí do na tuismitheoirí chun tacú le foghlaim an pháiste sa bhaile.

An Tionchar a bheidh ag Cás Amhrasta nó ag Cás Deimhnithe de Covid-19 ar Rang
Má chuirtear in iúl don scoil go bhfuil cás amhrasta nó cás deimhnithe de Covid-19 sa rang ina bhfuil do pháiste,
- cuirfear tuismitheoirí na bpáistí sa rang sin ar an eolas.
- Iarrfar comhairle sláinte poiblí agus leanfar í.

Fearas Pearsanta

- Iarrtar go dtabharfaidh na páistí uile a gcuid peann, peann luaidhe, dathanna, scriosán srl. ar scoil i gcás peann luaidhe dá gcuid féin sa chaoi is nach mbeidh fearas á roinnt acu.
- Iarrtar freisin go gcuirfear ainm an pháiste ar an bhfearas sa chaoi is gur féidir é a aithint go héasca.
- Ní bheidh cead ag páistí deochanna a roinnt i gcás ar bith. Diúscófar buidéil gan aithint/neamhéilithe. Tabhair buidéal ath-inúsáidte do do pháiste le do thoil (ní cheadaítear buidéil aon-uaire). Tá uisce scagtha ar fáil san seomrai ranga.
- Cinntigh, le do thoil, go bhfuil lón sásúil agus deoch ag do pháiste gach lá. Má tharlaíonn sé go ndéanann do pháiste dearmad ar a lón déan teagmháil le Róisín san oifig.
- **Beimid ag dul ar aghaidh le rogha an 'LunchBag.ie' ó lár mí Meán Fómhair 2021 ar aghaidh.**

Fearas Roinnte

Is gá cuid den fhearas ranga a roinnt, ríomhairí glúine, lego, leabhair léitheoireachta/leabhair agus an fearas a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí struchtúrtha agus súgradh i seomraí na naíonán. Nuair a úsáideann páiste ríomhaire glúine glanfaidh an múinteoir an ríomhaire sin sula mbaineann páiste eile úsáid as. Iarrfar ar pháistí a lámha a dhíghalrú sula mbaineann siad úsáid as leabhair a roinntear.

Glanfar an fearas a roinntear le ciarsúir antaiseipteacha go rialta chun an riosca a bhaineann le scaipeadh ionfhabhtaithe a íoslaghdú. Glanfar na bréagáin i seomraí na naíonán go rialta de réir na dtreoirlínte atá sa phlean freagartha.

Am sosa
Leagfar amach na clóis i rannóga nó zóin agus fanfaidh gach rang ina zón féin.

Déanfaidh an foireann iomlán scoile maoirseacht ag coinneáil curam do na bolgáin eagsúla.

Trealamh Cosanta Pearsanta
Beidh mascanna/scáthláin á gcaitheamh ag múinteoirí/cúntóirí riachtanas speisialta. Caithfidh baill foirne atá ag freastal ar riachtanais chúraim nó atá i mbun garchabhrach trealamh cosanta pearsanta cuí, lámhainní agus mascanna agus/nó scáthláin aghaidhe. Nuair is gá do mhúinteoirí cabhrú le barriallacha/ cótaí na naíonán, cloífidh siad le dea-shláinteachas lámh. Chabhródh sé go mór dá ndéanfá cleachtadh le do pháiste sna laethanta amach romhainn agus é/í ag cur air/uirthi agus ag baint de a chóta agus cleachtadh a dhéanamh ar iallacha a cheangal.

Asláithreacht Múinteora agus Ionadaíocht
Sa chás nach bhfuil múinteoir in ann freastal ar scoil, déanfar gach iarracht ionadaí a fháil don rang. Mura bhfuil ionadaí ar fáil don rang, níl sé oiriúnach an rang sin a roinnt i ngrúpaí agus a chur chuig ranganna eile. I gcásanna mar sin, d'fhéadfaí go mbeadh sé riachtanach ball den Fhoireann um Oideachas Speisialta a chur isteach le maoirseacht a dhéanamh ar an rang an lá sin. Ciallaíonn sé sin nach gá grúpaí ranga a choinneáil sa bhaile má éiríonn múinteoir tinn sa chás nach mbíonn ionadaí ar fáil.

Corpoideachas
Nuair is féidir, ba cheart Corpoideachas a dhéanamh lasmuigh agus ba cheart don mhúinteoir an fearas a ghlanadh tar éis úsáid a bhaint as.

Tionóil:
Ní bheidh tionóil scoile ar siúl faoi láthair. Agus iad ag cloí le treoirlínte maidir le scaradh sóisialta, tabharfaidh an Príomhoide Bríd cuairt ar na ranganna le fógraí a dhéanamh nó cumarsáid a dhéanamh le páistí.

An Oifig
Ní cheadaítear do pháistí dul chuig an oifig ar theachtaireachtaí.
Ba mhaith linn a mheabhrú duit a bheith cinnte go bhfuil chuile rud ag do pháiste ar maidin; iarraimid ar thuismitheoirí gan nithe a fhágáil isteach sa scoil ach amháin i gcás go bhfuil géarghá leis. Iarrtar ar mhúinteoirí an fearas roinnte a mbaintear leas as a ghlanadh m.sh. an gléas fótachóipeála, an stiallaire, an lannaitheoir srl. Ba cheart do mhúinteoirí cuairteanna ar an oifig a íoslaghdú agus níor cheart dóibh dul isteach san oifig ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

Cumarsáid le tuismitheoirí
Den chuid is mó déanfar cumarsáid ar Aladdin - cinntigh, le do thoil, go bhfuil an seoladh ríomhphoist is déanaí atá agat ag an scoil.

Bailiúcháin Airgid.
Baileofar an t-airgead ar fad ar líne chun an riosca a bhaineann le láimhsiú airgid a sheachaint. Baileofar táillí ealaíne/ceirde, an cíos ar an scéim leabhar & árachas ar líne freisin.

Nuair a dhéanann tú airgead a lóisteáil nó má bhíonn deacrachtaí agat á dhéanamh téigh i dteagmháil le Róisín ar an ríomhphost – runaiscoilfhursa@gmail.com
Sonraí banc Scoil Fhursa **- IBAN: IE30 AIBK 9374 0114 0920 25**

Gabhaimid buíochas leat as do thacaíocht leanúnach.

Gníomhaíochtaí tar éis am scoile
Tosóidh Gníomhaíochtaí tar éis am scoile chomh luath agus a cheadaíonn an Roinn Oideachas agus Scileanna é seo agus nuair atá sé sábhailte é seo a dhéanamh.